



Ráiteas Sábháilteachta Ghaelscoil Lios na nÓg

Ullmhaithe ag	Caitlín Nic Niallais, Ionadaí Sláinte Nóirín Ní Chatháin, Leas-Phríomhoide
Dáta	Bealtaine 2014
Faofa ag	Cormac Chambers, Príomhoide Bord Bainistíochta
Dáta	Márta 2023

Leathanach Innéacs

Ráiteas Sábháilteachta Cáipéis 1	3
1.1 Réamhrá do Ráiteas Sábháilteachta	3
1.2 Rólanna Freagracha	3
1.3 Ráiteas Polasaí Sábháilteachta	4
1.4 Structúr Bainistiú Sláinte agus Sábháilteachta	5
1.5 Dualgaisí Foirne	5
1.5 i Bord Bainistíochta	6
1.5 ii An tOifigeach Sláinte agus Sábháilteacht ar an mBord Bainistíochta, Príomhoide, Leas-Phríomhoide	6
1.5 iii Na Múinteoirí/Fostaithe	7
1.5 iv An tIonadaí Sláinte agus Sábháilteachta	7
1.5 v Fostaithe Go Léir (Múinteoirí/Cúntóirí Ranga/Rúnaí/Glantóirí srl)	8
1.6 Acmhainní agus Leas	8
1.7 Oiliúint Sláinte agus Sábháilteachta	9
1.8 Dul i gComhairle le Fostaí	9
1.9 Polasaí Smachta Cuairteoirí agus Conraitheoirí	10
1.9 i Polasaí Smachta Cuairteoirí	10
1.9 ii Polasaí Smachta Conraitheoirí	10
1.10 Polasaí Imeachta Éigeandála	10
1.10 i Polasaí Imeachta Éigeandála	10
1.10 ii Scrúduithe Reachtúla ar Fhearas Tine Éigeandála	12
1.10 iii Uimhreacha Éigeandála	13
1.11 Polasaí Imscrúdú agus Tuairisciú ar Thimpiste	13
1.11 i Polasaí Imscrúdú agus Tuairisciú ar Thimpiste	13
1.11 ii Nós Imeachta Imscrúdú agus Tuairisciú ar Thimpiste	14
1.12 Polasaí Oscailte agus Dúnta na Scoile	14
1.13 Polasaí Cleachtais agus Cógas a Thabhairt	15
1.14 Polasaí Bulaíochta agus Ciaptha	16
1.15 Polasaí Strus san Ionad Oibre	17
1.16 Polasaí Fostaí ag Iompar Clainne	18
1.17 Polasaí do Dhuine Fásta/Mhac Léinn ar Thairbhí Oibre	18

1.18	Polasaí Láimhsiú	19
1.19	Polasaí VDU	19
1.20	Polasaí Sábháilteacht Bhídh	19
1.21	Polasaí Déileáil le Galair Thógálacha	20
1.22	Polasaí Nós Imeachta Gearáin	20
1.23	Polasaí Sábhailteacht Fearais Leictreach	20
1.24	Sábháilteacht Tairgí Ceimiceáin/Glantóireachta	20
1.25	Agúisín don Ráiteas Sábháilteachta	21
1.25 i	Daoine le Dualgaisí	21
1.25 ii	Clárú Fearas Dóiteáin	21
1.25 iii	Leabhar na dTimpistí	21
1.25 iv	Garchabhair	21
1.25 v	Taifead ar Dhruil Tine	22
Ráiteas Sábháilteachta Cáipéis 2 – Measúnú Riosca		22
2.1	Nós Imeachta Measúnú Riosca	22
2.2	Timpeallacht na Scoile	23
2.2 i	Seomraí Ranga	23
2.2 ii	Na Leithris	24
2.2 iii	Na Pasáistí	24
2.2 iv	Seomra Foirne	25
2.2 v	An Halla	26
2.2 vi	An Oifig	27
2.2 vii	Clós na Scoile – Am Súgartha	28
2.2 viii	Bóthar Oakley	29
2.2 ix	Glantóireacht	30
2.2 x	Turais Scoile	31
2.2 xi	Lá Spóirt/Cúrsaí Spóirt/Club Obair Bhaile	32
2.2 xii	Ceolchoirmeacha/Drámaí	33
2.2xiii	Covid 19	33

Ráiteas Sábháilteachta Cáipéis 1

1.1 Reamhrá don Ráiteas Sábháilteachta

Tá Gaelscoil Lios na nÓg suite i Raghmallach, Baile Átha Cliath 6. Tá 12 múinteoirí lán-aimseartha, beirt mhúinteoirí páirt aimseartha, beirt CRS, beirt fhoireann oifige agus beirt ghlantóirí. Faoi láthair tá 203 dalta sa scoil. Is minic i rith na bliana go mbíonn daoine fásta, scoláirí agus daltaí meánscoile ag déanamh taithí oibre sa scoil.

Déantar uasdátú ar an ráiteas seo uair sa bhliain.

Dar le Bord Bainistíochta Ghaelscoil Lios na nÓg, tá sláinte agus sábháilteacht mar fheidhm lárnach de bhainistíocht agus feidhmiú na scoile agus aithníonn sé an tábhacht atá leis an Reachtaíocht atá rite san Acht um Sábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005. Sa Ráiteas Sábháilteachta seo tá Polasaí Sábháilteachta Bhord Bainistíochta Ghaelscoil Lios na nÓg leagtha amach, chomh maith leis na modhanna leis an bpolasaí sin a bhaint amach. Tá sé tábhachtach an polasaí seo a leiriú i gcuraimí agus dualgais aonair gach leibhéal bainistíochta agus feidhmithe den scoil. Tá tábhacht ag baint lena chinntiú gur sprioc choiteann í timpistí a sheachaint, ionad oibre sábháilte agus sláintiúil dár gcuid fostaithe agus daltaí uile a chur ar fáil agus a choimeád agus ár gcuid dualgas do bhaill an phobail lena mbímid i dteagmháil leo a chomhlíonadh ar fud Gaelscoil Lios na nÓg, idir Bhord Bainistíochta, Mhúinteoirí agus Fhostaithe eile.

1.2 Rólanna Freagracha

Beidh cóip den Ráiteas Sábháilteachta tugtha do na daoine seo a leanas thíos agus déanfaidh an tlonadaí Sláinte agus Sábháilteachta aon uasdátú a bhíonn gá leis ar an gcaipéis seo.

Ainm	Ról - Teideal
Cormac Chambers	Príomhoide na scoile
Áine Bhreathnach	Oifigeach S & S Bord Bainistíochta
Caitlín Nic Niallais	Ionadaí S & S

Beidh cóip crua den Ráiteas Sábháilteachta ar fáil in oifig an Phríomhoide agus ar an suíomh scoile www.liosnanog.com. Beidh lán fáilte roimh aon duine atá fostaithe sa scoil é a léamh. Tugtar oiliúint do gach múinteoir agus oibrí nua ar an ráiteas Sábháilteachta seo agus an ríthábhacht a bhaineann leis. Meabhraítear don bhfoireann faoin ríthábhacht a bhaineann leis an Ráiteas Sábháilteachta ag an gcéad Chruinniú Foirne i Mí Méan Fómhair.

1.3 Ráiteas Polasaí Sábháilteachta

Is mian le Gaelscoil Lios na nÓg timpeallacht oibre shábháilte agus shláintiúil a chinntiú dár bhfoireann, dár ndaltaí, dár dtuismitheoirí agus dár gcuairteoirí ar fad agus aithnímid an tábhacht atá leis an Reachtaíocht atá rite san Acht um Sábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005. Leagann an Ráiteas Sábháilteachta seo amach cén polasaí agus cén cur chuige atá againn. Braitheann a fheabhas agus conas a éireoidh linn ar an gcomhoibriú a thugann sibh. Mar sin, tá sé ríthabachtach go léifidh sibh an cháipéis seo go cúramach agus go dtuigfidh sibh an ról gur féidir libh a bheith agaibh i sláinte agus sábháilteacht ár scoile.

Glacann an Bord Bainistíochta leis go mbeidh gach fostaí freagrach go dleathúil as a sábháilteacht, sláinte agus a leas féin a fheabhsú agus a chaomhnú san ionad oibre, chomh maith le bheith freagrach as iompar nach gcuirfeadh a sábháilteacht, a sláinte agus a leas féin nó comhionann a gcomhpháirtithe i gcontúirt. Tá an fhreagracht ar fhoireann iomlán Ghaelscoil Lios na nÓg laistigh dá réimsí féin maidir le cur i bhfeidhm an pholasaí i dtaca le timpeallacht oibre shábháilte agus shláintiúil agus maidir le cur i bhfeidhm na gcleachtas cuí maidir le sábháilteacht.


Tabharfaidh an Bord Bainistíochta faoi iniúchadh sábháilteachta a dhéanamh gach bliain agus cuirfear tuairisc ar fáil don bhfoireann. Déanfar iniúchadh/cigireacht sábháilteachta níos minice má iarrann an fhoireann nó an Bord Bainistíochta é.

Cinntoidh an Bord Bainistíochta go bhfuil timpeallacht oibre shábháilte ann do gach ball foirne, gach dalta, conthraitheoirí agus cuairteoirí. Go háirithe, déanfaidh Bord Bainistíochta Gaelscoil Lios na nÓg:

- An tábhacht agus an luach atá le cúrsaí S & S foireann na scoile a thaispeáint agus a léiriú.
- A chinntiú go ndéanfar comhordú ar an oideachas agus ar an oiliúint chuí agus go n-úsáidfear na hachmhainní tí agus na hachmhainní seachtracha cuí.
- Léirmheas agus iniúchadh/cigireacht rialta a dhéanamh ar na cleachtais sábháilteacha scoile agus na modhanna oibre.
- Dea-shampla a léiriú agus gach timpiste agus drochtharlúint a fhiosrú agus a chinntiú go bhfuil scéala cuí tugtha go reachtúil.
- A chinntiú go bhfuil cóip den Ráiteas Sábháilteachta ag gach fostaí agus go bhfuil eolas acu faoina bhfuil ann.

Meabhraítear dúinn go mbeidh gach fostaí freagrach go dleathúil faoin Acht um Sábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005, as a sábháilteacht, sláinte agus a leas féin san ionad oibre, chomh maith le bheith freagrach as iompar a d'fhéadfadh a gcomhpháirtithe a chur i gcontúirt. Tá sé de dhualgas ar gach fostaí aon bhaol nó aon locht sna modhanna oibre, córas oibre, structúir nó fearais a thuairisciú don mBord Bainistíochta agus deis a thabhairt dóibh an scéal a réiteach.

1.4 Struchtúr Bainistiú Sláinte agus Sabháilteachta



1.5 Dualgaisí Foirne

1.5 i Bord Bainistíochta

Tá freagracht ar Bhord Bainistíochta Gaelscoil Lios na nÓg lena chinntiú go gcomhlíonann an scoil le Rialacháin Sláinte agus Sábháilteachta, reachtaíocht agus dea-chleachtas. Bíonn cruinnithe rialta ag an mBord Bainistíochta chun cúrsaí S & S a phlé. Go háirithe, déanfaidh siad:

- Oifigeach S & S a cheapadh taobh istigh den mBord Bainistíochta.
- Ionadaí S & S a cheapadh ón bhfoireann scoile.
- Tacaíocht leanúnach a thabhairt don bPríomhoide i mbainistiú laethúil na scoile.
- Tacaíocht a thabhairt don Ionadaí S & S, don bPríomhoide, don Leas-Phríomhoide agus gach ball foirne.
- Suim a léiriú agus a chinntiú go bhfuil an struchtúr eagraíochtúil i bhfeidhm le sláinte agus sábháilteacht a bhainistiú.

- Príomhriachtanais na reachtaíochta a thuiscint.
- Dóthain acmhainní agus áiseanna a chur ar fáil chun an Ráiteas Sábháilteachta seo a chur i bhfeidhm.
- Dea-shampla a thabhairt, tríd an bhfearas cosanta pearsanta riachtanach uile a chaitheamh, áit a bhfuil sé riachtanach de réir Pholasaí Sábháilteachta na scoile.
- A chinntiú go bhfuil an fhoireann ar an eolas faoi na rialacha agus nósanna imeachta maidir le Sláinte agus Sábháilteacht.
- Comhairle a ghlacadh ón Oifigeach Sábháilteachta maidir leis na hathruithe ar Pholasaí Sábháilteachta na Scoile, trealamh a cheannach, oiliúint um shábháilteacht a chur ar fáil agus córais oibre shábháilte a chur i bhfeidhm.

1.5 ii An tOifigeach Sláinte agus Sábháilteachta ar an mBord Bainistíochta, Príomhoide, Leas-Phríomhoide

Tá an tOifigeach Sábháilteachta, atá ceaptha ar an mBord Bainistíochta, freagrach as comhairle a chur agus monatóireacht a dhéanamh ar Pholasaí Sábháilteachta na Scoile. Is iad seo a leanas príomhchúraimí an tOifigeach S & S:

- A chinntiú go gcuirtear polasaithe agus nósanna imeachta sábháilteachta scoile i bhfeidhm agus maoirseacht a dhéanamh orthu, **bunaithe ar Ghuaiseacha/Bhaoil a aithint agus ar Mheasúnuithe Rioscaí**. Déanfar é seo i gcomhar leis an mBord, an Príomhoide agus Foireann na Scoile.
- An Bord Bainistíochta a chur ar an eolas maidir le gníomhartha atá le déanamh le priacail/baoil cheirde a laghdú.
- Na rólanna freagrachta a dháileadh agus a chinntiú go bhfuil na dualgaisí sóiléir agus intuigthe.
- Monatóireacht a dhéanamh ar fhearas tine go rialta (scrúdú bliaintúil ar mhuctóirí doiteáin) agus aon fhearas lochtach a dheisiú.
- Comhairle agus cabhair a fháil ón Údarás Sláinte agus Sábháilteachta nó ó dhuine cumasach go himmheánach nó go seachtrach más gá, chun cuidiú le hiniúchadh a dhéanamh ar chúrsaí sábháilteachta agus le comhairle a chur ina dtaobh.
- Ionchur a bheith aige/aici i riachtanais oiliúna na bhfostaithe.
- A chinntiú go bhfuil Maor Dóiteáin ceaptha – fostaí ar gach leibhéal, bun an tí, an príomhurlár agus barr an tí.
- A chinntiú go bhfuil Garchabhair leanúnach ar fáil sa scoil.
- A chinntiú go bhfuil cóip crua den Ráiteas Sábháilteachta ar fáil in oifig an Phríomhoide agus ar an suíomh scoile www.liosnanog.com.
- **Cóip den Ráiteas Sábháilteachta de Chomhlacht an Conraitheora a fháil ó aon oibritheoirí seachtracha.**

1.5 iii Na Múinteoirí/Fostaithe

Tá fostaithe freagrach as a gcuid sláinte agus sábháilteachta féin chomh maith le daoine eile, a bhféadfaí cur isteach orthu lena gcuid gníomhartha, agus as a bheith comhoibríoch i gcónaí ar chúrsaí sláinte agus sábháilteachta. Ba chóir dóibh go háirithe na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- Suim leanúnach a léiriú i gcúrsaí S & S i dtimpeallacht na scoile.
- A chinntiú go bhfuil na Rialacha Sláinte agus Sábháilteachta cleachtaithe, ar eolas agus intuigthe ag gach ball foirne agus ag gach dalta.
- Tá sé de dhualgas ar fhostaithe gníomhaíochtaí a phleanáil agus a chur i gcrích ar bhonn sábháilte agus le laghdú priacail.
- Tá sé de dhualgas ar fhostaithe a bhaineann úsáid as áiseanna agus trealamh atá curtha ar fáil dóibh a chinntiú go bhfuil na cleachtais oibre curtha i bhfeidhm chomh sábháilte agus is féidir.
- **Úsáid ceart agus cóir** a bhaint as fearas, éadaí cosanta, áis, trealamh nó rud ar bith eile atá oiriúnach a chuirtear ar fáil chun iad féin nó daoine eile a chosaint.
- Bealaí a mholadh le guaiseacha/priacail a laghdú.
- Rabhadh a thabhairt d'fhostaithe nua maidir le guaiseacha aitheanta.
- A bheith rannpháirteach i seisiúin oiliúna atá eagraithe don bhfoireann.

1.5 iv An tIonadaí Sláinte agus Sábháilteachta

Ta an tIonadaí S & S freagrach as cúrsaí Sláinte, Sábháilteachta agus Leasa a chomhordú ag an Obair de réir Ráiteas Sábháilteachta na scoile. Ba chóir don Ionadaí Sábháilteachta:

- Imscrúdú agus cigireacht a dhéanamh ar thimpeallacht agus shuíomh na scoile go bliaintiúil.
- Druil tine a éagrú agus a chur i gcrích uair sa téarma.
- A chinntiú go bhfuil soláthar maith Garchabhrach ar fáil in oifig na scoile agus mála Garchabhrach taistil ar fáil do thurasanna scoile/traenáil spóirt.
- Aon timpiste a tharlaíonn don bhfostaí, is cuma cé chomh beag, a thuairisciú, a imscrúdú agus a réiteach nuair is gá.
- Caithfear **an fhoirm IR1** a chomhlíonadh ar líne www.hsa.ie **má bhíonn an fostaí as láthair ón ionad oibre ar feadh 3 lá leanúnach nó níos faide tar éis don timpiste tarlú san ionad oibre.**
- Athbhreithniú a dhéanamh ar an Ráiteas Sábháilteachta agus Measúnú Riosca/Baol nuair is gá agus aon athruithe a chur i gcrích.
- Tuairisc a thabhairt don Oifigeach ar an mBord Bainistíochta láithreach, má bhíonn aon chúis imní maidir le S & S sa scoil.
- Comhoibriú leis an Oifigeach Sábháilteachta, leis na Cigirí agus leis an bhfoireann árachais in **imscrúdú ar bith a dhéantar ar thimpiste.**
- Feasacht shábháilteachta a chothú san ionad oibre, cleachtais oibre shábháilte a chur

chun cinn agus eolas agus comhairle a chur ar fáil maidir le sábháilteacht agus sláinte don bhfoireann ar fad.

- Saineolas a bheith aige/aici ar nósanna imeachta éigeandála i gcás timpistí nó dóiteáin agus a chinntiú go ndéantar agus go leantar iad.

1.5.v Na Fostaithe go Léir (Múinteoirí/Cúntóirí Ranga/Rúnaí/Glatóirí srl

Tá an fhreagracht ar fhoireann iomlán Ghaelscoil Lios na nÓg, laistigh dá réimsí féin, comhoibriú leis an mBainistíocht maidir le cur i bhfeidhm an Ráiteas Sábháilteachta seo. **Caithfidh gach fostaí a thuiscint gur straitéis foirne í an Sábháilteacht.** Tabharfaidh gach fostaí tacaíocht agus comhoibriú don mBord Bainistíochta chun timpeallacht slán sábháilte a chrúthú do gach fostaí agus oibrí. Cuirfear gach timpiste, dainséar, cúiseanna buairt in iúl don Ionadaí S & S ar an bhfoireann.

Tá gach fostaí freagrach go dleathúil faoi Rannóg 13, san Acht um Sábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005 as a sábháilteacht, sláinte agus a leas féin san ionad oibre. Léiríonn an Bainistíocht dea-chleachtais sna modhanna oibre agus nósanna imeachta go leanúnach.

1.6 **Acmhainní agus Leas**

Seo a leanas na Socruithe Acmhainní agus Leasa:

- Déanfaidh an tOifigeach S & S ón mBord Bainistíochta, le cabhair ón bPríomhoide agus an tIonadaí S & S, forbairt ar chláracha oiriúnacha S & S, iniúchadh, cláracha cothabhála agus gníomhaíochtaí traenála.
- Na fostaithe uile a chur ar an eolas maidir le na gcúraimí agus dualgais faoin reachtaíocht reatha.
- Tá oiliúint faighte ag roinnt múinteoirí i gcúrsaí Garchabhrach.
- Tá mála Garchabhrach ar fáil in oifig na scoile (príomhurlár na scoile) má bhíonn aon timpiste.
- Tá cosc iomlán ar chaitheamh tobac i zón na scoile.
- Tá múchtóirí tine lonnaithe timpeall na scoile ar gach urlár. Tá an fearas seo roghnaithe agus suite de réir baol tine.
- Tá comharthaí timpeall na scoile chun treoracha a thabhairt agus bealaí éalaith, e múchtóirí tine agus cuaiseacha a thaispeáint
- Cuireann Gaelscoil Lios na nÓg áiseanna leasa i bhfeidhm agus seo a leanas an fhoireann atá á reachtáil:

Teagmháil leis na Comhlachtaí Árachais - Duine freagrach: An tOifigeach S & S ar an mBord Bainistíochta

Soláthar don mbosca Garchabhrach - Duine Freagrach: Caitlín Nic Niallais

Timpistí a chur in iúl don bPríomhoide - Duine Freagrach: Gach múinteoir

Soláthar agus scrúdú fearais tine/cothabhála an Clár Tine (Fire Register) -

Duine Freagrach: Príomh Oifigeach Dóiteáin (duine seachtrach)

Iniúchadh agus bainistiú ar aon eachtraí liomhainntí, ciapadh, nó bulaíochta san ionad oibre - Duine Freagrach: An Bord Bainistíochta

Soláthar de fhearais (cosanta) pearsanta atá in oiriúint agus sásúil - Duine Freagrach (na glantóirí) – Alma agus Gormlaith

1.7 Oiliúint S & S

Cúrsa	Le déanamh ag
Oiliúint S & S	Gach oibrí nua
Láimhsiú	Feighlí Tí/Glantóirí
Maor Dóiteáin/Úsáid agus tuiscint na Múchtóirí Dóiteáin	Múinteoirí Ranga
Oiliúint Druil Tine	Gach oibrí
Oiliúint Garchabhrach	Beirt roghnaithe

1.8 Dul i gComhairle le Fostaí

De réir an Achta 2005 faoi Rannóg 25 agus 26, tá dualgas ar gach fostóir dul i gcomhairle le gach fostaí faoi cursaí S & S. Tá sé mar pholasaí ag Gaelscoil Lios na nÓg dul i gcomhairle lena bhfostaithe chun straitéisí comhaontaithe foirne a spreagadh ar mhaithe le cursaí S & S agus iad a chur i bhfeidhm trí chumarsáid rialta.

Tá sé de dhualgas ar an Oifigeach S & S ar an mBord Bainistíochta dul i gcomhairle le agus eolas cuí a thabhairt don bhfoireann oibre ar gach gné a bhaineann le S & S. Beidh seans ag gach fostaí aon bhuairt i leith S & S a phlé ag cruinnithe foirne. Chomh maith leis sin, beidh an tIonadaí S & S i dteagmháil rialta le gach fostaí. Tabharfar aon ghnó práinneach os comhair an Bhoird Bhainistíochta láithreach.

1.9 Polasaí Smachta Cuairteoirí agus Conraitheoirí

1.9 i Polasaí Smachta Cuairteoirí

‘Séard is cuairteoir ann ná aon duine a leagann cos thar gheata na scoile le haghaidh cruinnithe nó chun bualadh le foireann nó bainistíocht na scoile (daoine ag dul faoi agallamh san áireamh).

- Ní bheidh cead ag an gcuairteoir aon obair a dhéanamh le daltaí gan baill foirne in éineacht leis/léi don chuairt ar fad.
- Cloífidh an cuairteoir le fógraí sabhálteachta agus comharthaí rabhaidh áit a bhfuil said curtha suas agus ní leagfaidh said lámh ar aon fhearas ná aon ábhar contúirteach.
- I gcás tine, nó druil tine, rachaidh an cuairteoir in éineacht leis an mball foirne go dtí an pointe tionóil (Clós Scoil Bhríde).
- Má tharlaíonn aon timpiste do chuariteoir, is cuma cé chomh beag, líonfar isteach an Fhoirm Thuairisce ar thimpistí.

1.9 ii Polasaí Smachta Conraitheoirí

‘Seard is conraitheoir ann ná aon duine a dhéanann obair sa scoil. Beidh an duine nó na daoine seo ag obair go neamhspléach ar shuíomh na scoile, gan aon ball foirne in éineacht leo. Bíonn cumarsáid agus comhairle de dhíth chun gach conraitheoir agus cuairteoir a chur ar an eolas faoi nósanna imeachta na scoile agus sláinte agus sábháilteacht a chinntiú.

Tá sé de dhualgas ar gach Conraitheoir an t-eolas seo a leanas a chur ar fáil don bPríomhoide:

- Cóip den Deimhniú (Teastas) Árachais Dliteanais Phoiblí
- Cóip den Raitéas Sábháilteachta de Comhlacht an Chonraitheora
- An Príomhoide a chur ar an eolas faoi aon phróiseas ar bith nó úsáid ábhair a d’fhéadfadh Sláinte nó Sábháilteacht a chur i gcontúirt le linn na hoibre

1.10 **Polasaí Imeachta Eigeandála**

1.10 i Polasaí Imeachta Éigeandála

Tá polasaí imeachta eigeandála curtha le chéile ag Gaelscoil Lios na nÓg a chluoidh gach gné agus gach feidhmiú den lá scoile. Toisc go bhfuil gach eachtra uathúil agus éagsúil, leanfar na nósanna imeachta seo a leanas. An eigeandáil is mó a d’fhéadfadh tarlú ná tine. Tá “nós imeachta i gcás tine” leagtha amach ionas go mbeidh an fhoireann ar fad ag obair don sprioc céanna i gcás eigeandála nó tine eile.

Tarlaíonn druil tine uair gach téarma. Coiméadtar cuntas ar gach druil. Ceannaire i gcás éigeandála (Príomhoide) - Glacfaidh an ceannaire seo freagracht agus smacht i leith aon eigeandáil go dtí go dtagann na Seirbhísí Eigeandála. Leas-Cheannaire i gcás éigeandála (Leas-Phríomhoide) - Muna bhfuil an Príomhoide i láthair, glacfaidh an Leas-Phríomhoide freagracht agus smacht i leith aon eigeandáil go dtí go dtagann na Seirbhísí Eigeandála.

Nós imeachta i gcás tine - I gcás tine, tá pointí aláirim ar gach urlár (féach léarscáil na mbealaí éalaithe atá ar crochadh sna seomraí).

Seo é an Gnáthamh Druile (Tine) Nuair a Chloistear an tAláram:

Páistí

1. Ciúnas iomlán agus cuir síos gach rud
2. Seas suas agus cathaoireacha isteach
3. Siúl isteach sa líne
4. Siúl amach go ciúin i líne shingil le méar ar do bhéal agus seas i do líne i gclós Scoil Bhríde
5. Úsáidfeair na bealaí éalaithe thíos chun an scoil a fhágáil (féach cód thall).

Múinteoirí

1. DÚN AN DORAS AGUS FUINNEOGA I DO RANG AGUS FÁG LÁITHREACH
2. Múinteoir rang a 6 (**Maor Dóiteáin**) freagrach as na leithris agus an seomra foirne ar bharr an tí a sheiceáil
3. An Rúnaí/Príomhoide (**Maor Dóiteáin**) freagrach as na leithris ar an bpríomhurlár
4. Gach múinteoir freagrach as na leithris ina seomraí ranga féin i mbun an tí (agus rang a 1 ar an bpríomhurlár). **Caitlín Nic Niallais an tIonadaí S & S** i mbun an tí
5. Tabhair leat do liosta ranga
6. Má tá rang sa halla nó sa leabharlann, téann said amach an doras éalaithe is giorra dóibh
7. Má tá páistí ag obair leis an múinteoir tacaíochta foghlama/acmhainne, téann siad amach leis an múinteoir sin ach seasann siad ina línte ranga taobh amuigh do ghlaoch an Rolla
8. Cuirtear beirt ar theachtaireacht i gconáí agus téann said amach an doras éalaithe is giorra dóibh
9. Tógfaidh an Príomhoide agus Maor Dóiteáin ar gach urlár **fón soghluaiste** leo
10. Ná tabhair cead d'aon pháiste dul ar ais i gcomhair málaí, cótaí agus araile
11. Tuairisc don Ionadaí Sábháilteachta agus an Príomhoide faoi aon phriacail más ann dóibh
12. Ná fág Clós Bhríde go mbíonn an Rolla glaoite ag gach múinteoir
13. Déanfar cinneadh i gClós Bhríde faoin gcéad chéim éile

Na Bealaí Éalaithe do Gach Seomra

Bealach A = Staighre nua ar an dtaobh

Bealach B = An Príomhdhoras

Bealach C = Amach ar chúl

Úsáid na bealaí éalaithe seo thíos agus tú ag fágaint na scoile. Úsáid an chéad bhealach mar an chéad rogha, agus i gcás nach bhfuil sé sábháilte é a úsáid, roghnaigh bealach a 2, le do thoil.

An Naíonra	Bealach C nó B
Naíonáin Bheaga	Bealach A1 nó A2
Naíonáin Mhóra	Bealach B nó A
Rang 1	Bealach A nó B
Rang 2	Bealach B nó C
Rang 3	Bealach B nó A
Rang 4	Bealach A nó B
Rang 5	Bealach A nó B
Rang 6	Bealach A nó B
An Halla	Bealach C nó A
An Leabharlann	Bealach A nó B
Seomra Tacaíochta	Bealach A nó B
Seomra Acmhainne	Bealach A nó B
Seomra Foirne	Bealach B nó A
An Oifig	Bealach B nó A

1.10 ii Scrúduithe Reachtúla ar Fhearas Tine Éigeandála

De réir riachtanais reachtúil, caithfear scrúduithe agus iniúchadh rialta a chur i gcrích. Cóiméadfar torthaí na scrúdaithe reachtúla seo leis an Ráiteás Sábháilteachta san oifig.

Scrúdú agus Iniúchadh

Fearais Dóiteáin

Aláram Tine

Minicíocht

Go bliantúil

Go bliantúil

Cigire

Conraitheoir seachtrach

Conraitheoir seachtrach

1.10 iii Uimhreacha Éigeandála

Seirbhís	Uimhir Theileafóin
Briogáid Doiteáin	112 nó 999
Ospidéal	112 nó 999
Otharcharr	112 nó 999
Garda Síochána Ráthmaoinis	01 6666700
Cormac Chambers (Príomhoide)	087 2153842
Nóirín Ní Chatháin	087 2893870
Róisín Ní Ghuidhir (Cathaoirleach)	087 2780913
Dr. Nikrow, Ascaill Dunville	01 4971747
Dr. Micheál Ó Tighearnaigh	086 2509142/ 01 4973917 (Cambridge Clinic)
Aláram Rabhadh Bréige	Top Security 01 4507777 (Cullenswood House) Pas fhocal
Dónal Ó hAnnáin	087 7787577

1.11 Polasaí Imscrúdú agus Tuairisciú ar Thimpiste1.11 i Polasaí Imscrúdú agus Tuairisciú ar Thimpiste

Caithfear gach timpiste a thuairisciú don Ionadaí S & S, agus í a chlárú sa Leabhar Timpiste ar an lá sin, is cuma cé chomh beag a bhíonn sí. **Ní mór don bPríomhoide/Ionadaí S & S gach timpiste dhainséarach agus dhairíre a chur in iúl don Údarás S & S www.hsa.ie agus an fhoirm IR1 nó IR3 a chomhlíonadh. Caithfear an fhoirm IR1 a chomhlíonadh má bhíonn an duine as láthair ón ionad oibre ar feadh 3 lá leanúnach nó níos faide tar éis don timpiste tarlú san ionad oibre. (Féach Uirlis a 5)**

1.11 ii Nós Imeachta Imscrúdú agus Tuairisciú ar Thimpiste

Téann an tIonadaí S & S/Príomhoide/Leas-Príomhoide chuig an timpiste láithreach tar éis

dóibh fógra a fháil faoin timpiste. Bíonn Leabhar na dTimpistí acu chun na sonraí a chlárú. Bíonn an Leabhar seo san oifig i gcónaí.

- Ba cheart don múinteoir/duine atá ar dualgas a chinntiú go bhfuil an Garchabhair ceart tugtha agus go bhfuil cabhair agus cúnamh faighte más gá (dochtúir nó otharcharr).
- Úsáidtear ceamara más gá chun grianghrafanna a ghlacadh do suíomh na timpiste.
- Scríobhann an Múinteoir atá ar dualgas tuairisc ar an timpiste sa Leabhar Timpistí. Ba cheart gach timpiste a thaifeadadh mar is ceart agus an chúis nó aon bhuairt a aithint chun aon timpiste amach anseo a sheachaint.

1.12 Polasaí Oscailte agus Dúnta na scoile

Maoirseacht ar Dhaltaí Roimh agus i nDiaidh Scoile

Am oscailte na scoile - Beidh an scoil ar oscailt ar 8.30 r.n. le daltaí a ghlacadh isteach. Tosaíonn an fhreagracht ar údaráis na scoile do na daltaí ag an am oscailte seo. Tosaíonn an lá scoile ar 8.30 r.n. gach lá. Táthar ag súil go mbeidh na daltaí ann in am agus go mbaileoidh siad sa chlós sula dtosaíonn an scoil.

Tionól - De ghnáth bíonn an tionól ar siúl sa chlós. Muna bhfuil an aimsir oiriúnach, bíonn an tionól ar siúl sa halla. Muna bhfuil an páiste ar scoil in am don tionól, caithfidh tuismitheoir/feighlí an páiste a thabhairt go doras an tseomra ranga agus a chinntiú go bhfuil an páiste faoi mhairseacht ball foirne sula bhfágfar an é/í. Déanann an Bord Bainistíochta iarracht maoirseacht a chur ar fáil deich nóiméad sula dtosaíonn an tionól i.e. ó 8.20 ar maidin. Má tá múinteoir i mbun maoirseachta sa chlós (nó maidin bháistí sa halla) is féidir le tuismitheoir/feighlí an páiste a fhágáil faoi mhairseacht an mhúinteora sin. **Muna bhfuil múinteoir i mbun maoirseachta sa chlós/halla, níl cead páiste a fhágáil gan mhairseacht.**

Am dul abhaile - Críochnaíonn an lá scoile ar 2.10 i.n. (1.10 i.n. do na ranganna naíonán). Ní ghlacann údaráis na scoile freagracht as na daltaí i ndiaidh an ama seo (ach amháin sa chás ina bhfuil daltaí rannpháirteach i ngníomhaíochtaí faoi threoir mhúinteoirí na scoile (e.g. turais scoile, spóirt srl).

Bíonn gach rang faoi chúram an mhúinteora ranga agus téann na páistí leis/léi go dtí an clós ag 2.10 i.n. Fanann an múinteoir ranga sa chlós go 2.20 nó mar sin agus má tá aon pháiste fágtha gan bhailiú ag an am sin, tugtar an páiste go hoifig an Phríomhoide, an áit a mbíonn sé/sí faoi chúram ball foirne go dtí go mbailítear é/í.

Dúnadh luath - Roinnt laethanta i rith na bliana, dúnann an scoil luath agus tugtar fógra faoi

sin roimh ré. Leantar an córas bailiú páistí thuas ar na laethanta seo, ach ag am níos luaithe.

Dúnadh i gcás éigeandála – Riail 60 do Bhunscoileanna. Tá cead scoil a dhúnadh de bharr easpa seirbhísí, msh uisce, leictreachas. Ní mór fógra réasúnta a thabhairt do na tuismitheoirí más féidir. (Féach Polasaí Dúnadh Eigeandála)

Cuireann an glantóir Alma an scoil faoi ghlas ag 5.15 gach tráthnóna. Muna mbíonn an glantóir ar fáil, tugtar an dualgas do bhall foirne eile nó do thuismitheoir go bhfuil cóip d'eochara na scoile acu.

Nuair a bhíonn cead isteach ag teastáil ó leictreoirí/phluiméirí, socraíonn an Príomhoide, Cormac Chambers, oscailt na scoile dóibh. Tá eochara scoile ag roinnt baill foirne agus ag tuismitheoirí. Tá cead isteach acu sa scoil chun obair a dhéanamh más gá.

Coiméadaí eochara – Cormac Chambers, Nóirín Ní Chatháin, Síle Ní Bheaglaioich, Ger Cole.

1.13 Polasaí Cleachtais agus Cógas a Thabhairt

- Ní mór do thuismitheoirí an dalta an scoil a chur ar an eolas má tá aon ailléirge, tinneas nó leigheas ag an dalta (Foirm Shláinte). Ba chóir go mbeadh treoracha scríofa don nós imeachta atá le leanúint agus an cógas á thabhairt san iarratas seo. Ní mór cead an Bhoird a bheith ag an dtuismitheoir chun seo a dhéanamh (Féach Polasaí um Riaraidh Cógais Leighis).
- **Níor chóir do bhall foirne cógas a thabhairt gan cead ón mBord Bainistíochta.**
- Ní féidir iarraidh ar bhall foirne cógas a thabhairt in aghaidh a t(h)ola.
- Iarrtar ar thuismitheoirí daltaí diaibéiteacha an nós imeachta céanna a leanúint. Tá cúram ar an dtuismitheoir a chinntiú go bhfuil an bia/deoch atá de dhíth ar an bpáiste ag an múinteoir ranga. Ní mór don mball foirne a chur in iúl don dtuismitheoir má bhíonn athrú ar bith sa ghnáth lá scoile e.g. turas scoile, snámh, lúthchleasaíocht, corp oideachais, turas chuig eaglais srl.
- Iarrtar ar thuismitheoirí daltaí le ailléirge cnónna an nós imeachta céanna a leanúint. Tá cúram ar an dtuismitheoir a chinntiú go bhfuil an anapen agus an leigheas ceart atá de dhíth ar an bpáiste ag an múinteoir ranga.
- **Má bhíonn aon easaontas idir treoracha an tuismitheora agus aon treoracha a bheidh scríofa ar an mbuidéal nó ar an mbosca in a bhfuil an chóir leighis, ní thabharfaidh an múinteoir nó aon bhall foirne eile an leigheas don bpáiste, agus cuirfear sin in iúl don dtuismitheoir.**
- Agus cógas á thabhairt do dhalta, le cead ón mBord Bainistíochta, ba chóir don mball foirne caighdeán an chúraim atá ag tuismitheoir a leanúint go ciallmhar agus go stuama agus b'fhéarr dá mbéidis in éineacht le ball foirne eile.
- Sa chás go mbíonn páiste tinn agus go dteipeann ar fhoireann na scoile teacht ar an

dtuismitheoir/gcaomhnóir faoi mar atá ar an bhfoirm éigeandála, is é polasaí an Bhoird Bhainistíochta go ndéanfaidh foireann teagaisc na scoile pé socrú a mhothaíonn siad a bheith riachtanach chun sláinte an pháiste a chosaint i.e é/í a thabhairt chuig dochtúir nó ospidéal, nó pé socrú eile a mhothaíonn an fhoireann a bheith riachtanach sna cúinsí faoi leith.

- Caithfear gach cógas, druga srl, a choinneáil i **gcaibinéad cógais ceart**, in áit shábháilte sa chás gur féidir á a bheith faoi ghlas. Ní mór don mBord Bainistíochta árachóirí na scoile a chur ar an eolas dá réir sin. Ní mór don mBord Bainistíochta slánaíocht a lorg ó na tuismitheoirí i leith dliteanas ar bith a d'fhéadfadh eascairt as an gcógas a thabhairt.
- **Páiste ag filleadh faoi chúram dochtúra**
Ní mór teastas dochtúra a chur ar fáil ag ceadú filleadh chun na scoile agus an scoil a chur ar an eolas faoi coinníollacha dá réir. Caithfidh an scoil moltaí agus coinníollacha an dochtúra a chur i bhfeidhm maidir le sláinte agus sábháilteacht an linbh agus na scoile.

1.14 Polasaí Bulaíochta agus Ciaptha

Polasaí maidir le Frithbhulaíocht agus Frithchiapadh

- Aithníonn Bord Bainistíochta Gaelscoil Lios na nÓg go bhfuil sé de cheart ag gach fostaí ionad oibre a bheith aige/aici atá saor ó aon chineál ciaptha nó bulaíochta agus tá sé tiomanta go hiomlán lena chinntiú go bhfuil gach fostaí in ann an ceart sin a bhaint amach.
- Tá freagracht ar gach fostaí lena chinntiú go bhfuil ionad oibre saor ó aon chineál ciaptha agus bulaíochta do gach fostaí eile agus a bheith ar an eolas faoin bpolasaí seo. Le go n-éireoidh leis an bpolasaí seo, tá comhoibriú agus tuiscint gach fostaí de dhíth.
- Ní ghlacfaidh Bord Bainistíochta Lios na nÓg le haon chineál bulaíochta ná ciaptha laistigh den lucht oibre. Déanfar gach eachtra maidir le bulaíocht agus nó ciapadh a thuairiscítear a imscrúdú go lánchúramach.
- Aithníonn said freisin go bhfuil seans ann gur féidir le heasaontas tarlú idir baill foirne, idir baill foirne agus fostaithe nó cuairteoirí eile.
- **Déantar gach iarracht deacrachtaí a réiteach chomh luath agus is féidir agus laistigh de struchtúir na scoile.**
- Ní ghlacfar leis na cineálacha ciaptha agus bulaíochta seo a leanas mar atá clúdaithe ag an Acht um Chomhionannas Fostaíochta 1998 agus ag an Acht um Stádas Comhionann 2000:

Tagairtí ciníocha

Drochíde ó bhéal

Tagairtí scríofa

Mí-úsáid chorportha
Gnéaschiapadh
Imeaglú
Roghnú éagcothrom tascanna

- Na cleachtais chun gearán a dhéanamh - Moltar do gach baill foirne, an Phríomhoide, Leas-phríomhoide nó aon bhall foirne eile atá muinín aige/aici ann (agus a bheadh freagrach as a chinntiú an fhadhb a réiteach) a chur ar an eolas faoi aon chinéal bulaíochta nó ciaptha atá luaite thuas.
- Pléifear le líomhaintí faoi aon chiapadh thuas ar bhealach práinneach, leochaileach agus faoi rún docht daingean. Nuair a dhéanfar gearán tabharfar aire, cearta na beirte atá i gceist a chosaint, an té atá ag déanamh an ghearáin agus an té a bhfuil an gearán á dhéanamh faoi. Déanfar fiosrúcháin cothrom agus réadach i gcónaí.
- Sa chás nach bhfuil bunús ann le gearán, níor cheart go mbeadh aon bhagairt déanta ar an bhfostaí a d'ardaigh an bhuairt sa chéad áit.
- Má tharlaíonn aon fhrithbheartaíocht (retaliation) in aghaidh gearánaigh, féachfar air mar feall smachta dairíre.
- Má tá feall i gceist leis an ngearán is mí-iompar é agus déileofar leis go cuí

1.15 Polasaí Strus san Ionad Oibre

Leanann Gaelscoil Lios na nÓg gach gné den Acht um Sábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005, a iarann ar an bhfostóir na priacail go léir a athint agus a choinneáil slán ar mhaithe le S & S na bhfostaithe go léir. Tá strus san ionad oibre san áireamh. Tarlaíonn strus san ionad oibre nuair a bhíonn riachtanais an phoist agus an ionaid oibre iomarcach don bhfostaí.

'Séard is cúis leis an strus san ionad oibre ná:

Eagar lochtach ag an obair
Caidreamh foirne lag
Drochchumarsáid ag an obair
Rólanna oibre neamhchinnte
Tascanna le héileamh arda

Déanfaidh Lios na nÓg gach iarracht strus a laghdú trí na modhanna seo a leanas:

- Beidh plé agus cumarsáid rialta ag an mBainistíocht le gach baill foirne
- Déanfar cinnte go n-éisteofar le gach gearán a bhaineann le strus faoi rún docht daingean agus go mbeidh taifead déanta air. Tógfar na céimeanna cuí láithreach.

- Moltar do gach baill foirne an Príomhoide, Leas-Phríomhoide nó aon bhall foirne eile atá muinín aige/aici ann (agus a bheadh freagrach as a chinntiú an fhadhb a réiteach) a chur ar an eolas faoi aon chinéal strus san ionad oibre.
- Ní mór do gach fostaí a bheith airdeallach, cúramach, freagrach as úsáid ríomhaire, idirlín agus fón póca, le linn am scoile agus taobh amuigh, ar mhaithe le Sláinte agus Sábháilteacht na foirne agus na scoile.

1.16 Polasaí Fostaí ag Iompar Clainne

Cuirfidh an Bord Bainistíochta na Rialacháin um Fhostaithe atá ag Iompar Clainne, 2007, i bhfeidhm de réir mar is gá. Faoi na rialacháin seo beidh na nithe seo a leanas i bhfeidhm:

- Gur chuir an fostaí nó a dochtúir an Bord Bainistíochta ar an eolas maidir lena toircheas.
- Déanfaidh an Bord Bainistíochta measúnú riosca ar nósanna imeachta oibre an fhostaí. Más gá, athróidh an Bord Bainistíochta na coinníollacha oibre agus/nó na huaireanta oibre, le guaiseacha nó rioscaí a íoslaghdú don bhfostaí, don leanbh sa bhroinn nó don máthair atá ag beathú linbh.
- Más gá, déanfaidh an Bord Bainistíochta monatóireacht ar an gcoinníoll oibre thar tréimhse an toirchis, díreach i ndiaidh an toirchis, agus nuair atá an fostaí ag beathú linbh, lena n-áirítear na gnéithe seo a leanas:

Tinneas Maidine
 Tinneas Droma
 Féitheacha Borrtha (Varicose veins)
 Cuiarteanna go minic chuig an leithreas
 Méadú sa chorp
 Tuirse
 Cothromaíocht
 Compord
 Deaslámhacht
 Aclaíocht
 Luas Gluaiseachta
 Scoicheadh

- Nuair a fhilleann an mháthair atá ag beathú ar ais ag an ionad oibre, déanann an Bord Bainistíochta na coinníollacha oibre a mheas. Má theastaíonn ón máthair leanúint ag beathú an linbh, tabharfaidh an Bord Bainistíochta an deis di.

1.17 Polasaí do Dhuine Fásta/Mhac Léinn ar Thaithí Oibre

- Sa ghrúpa seo tá mic léinn ar Chleachtadh Múinteoireachta nó aon traenáil eile, daoine fásta ag déanamh traenála mar chuntóir ranga (SNA), daltaí méanscoile ón idirbhliain agus iarscolairí ar thaithí oibre. Déanann an Príomhoide, ar son an Bhoird Bhainistíochta, an cinneadh cé acu go mbeidh

cead acu obair sa scoil.

- Cuirfidh an Príomhoide an tOifigeach S & S ar an eolas faoi aon duine fásta/mac léinn a bheidh ar thaithí oibre sa scoil. Tabharfaidh an tOifigeach S & S na rialacha agus nós imeachta maidir le Cód Iompar agus Druil Tine.
- Úsáideann na hiarscolairí (Mini-múinteoirí) an leabharlann ag am lóin chun sos a ghlacadh.

1.18 Polasaí Láimhsiú

D'fhéadfaí damáiste buan a dhéanamh don droim má ardaítear meáchain atá róthrom nó má ardaítear mícheart iad. Tá sé éasca an damáiste seo don droim a sheachaint. Tá Rialacha áirithe a dhéanann ciall leagtha amach thíos:

- Greim ceart a fháil. Coinnigh an t-ualach gar duit.
- Coinnigh an droim díreach.
- Crom na glúine agus ardaigh le matáin do chos agus seachas le do dhroim.
- Má tá an t-ualach róthrom lorg cabhair.

Ní iarrtar ar aon duine ualach róthrom a iompar a d'fhéadfadh gortú. Ba chóir cúnamh a lorg má bhíonn troscáin/earraí troma le n-iompar/aistriú. Níor chóir cúram iompair a chur ar leanaí.

1.19 Polasaí VDU

Soilsiú - Tá soilsiú bunriachtanach chun tuirse súl a sheachaint. Tá sé cinntithe againn go réitíonn leibhéal ginearálta soilsiú sa scoil le treoirínite an Aontais Eorpaigh.

Frithchaitheamh & Dalladh - Is féidir le frithchaitheamh agus dalladh míchompord a chrúthú don oibritheoir. Is féidir scáileáin fhrithdhallta a fháil má tá sé ag teastáil.
